

MÁIRE AN CHAPAILL BHÁIN

Bean phósta a bhí i dteach damhsa oidhche. Máire a bhí uirthé. Ní raibh aon bhean i dteach an damhsa ba bhreaghtha ná í. Tháinig fear de strainséara isteach i dteach an damhsa agus chuir se spéis innte agus d'iarr sé a' damhsa í. Chuaidh sí leis. Nuair a bhí siad réidh leis an damhsa más fada gearr a bhí siad leis an damhsa, chuir se séideog faoi n-a hanáil agus chuaidh sé amach. Chuaigh se a' marcaidheacht ar chapall bán. Lean sise dó ach ní tháinig sí suas leis. Is cuma cé bhfeicfeadh sí fear agus capall bán a' gul leanadh sí dhó a súil is go dtiocfadh sí suas le fear an chapaill bháin ach ní bhfuair sí ariamh é.

Chonnaic na seandaoine Máire an Chapaill Bháin. Péber cén taobh a mbeadh an ghaoth a' séidéadh, sin é an taobh a ghabhfadh sí. Théigheadh sí in aghaidh na gaoithe i gcomhnaidhe.

12/10/37